C/2025/969

7.2.2025

Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis na díolúintí arna n-úsáid ag an bhFionlainn faoi Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar

(C/2025/969)

Foilsiú na ndíolúintí dá dtagraítear in Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar (Rialachán 'FuelEU Maritime') ([1]), tá sé bunaithe ar an bhfaisnéis a chuireann na Ballstáit in iúl don Choimisiún i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos san Airteagal sin.

Thug an Fhionlainn fógra don Choimisiún faoina cinneadh na díolúintí faoi Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2023/1805 a úsáid maidir leis na calafoirt a shainaithnítear thíos:

Ainm na gcalafort
Berghamn (Eckerö) Långnäs Mariehamn

([1]) IO L 234, 22.9.2023, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1805/oj.